Diploma Programme
Programme du diplôme
Programa del Diploma

# Irish A: literature – Standard level – Paper 1
# Irlandais A : littérature – Niveau moyen – Épreuve 1
# Irlandés A: literatura – Nivel medio – Prueba 1

Wednesday 10 May 2017 (afternoon)
Mercredi 10 mai 2017 (après-midi)
Miércoles 10 de mayo de 2017 (tarde)

1 hour 30 minutes / 1 heure 30 minutes / 1 hora 30 minutos

---

### Instructions to candidates

- Do not open this examination paper until instructed to do so.
- Write a guided literary analysis on one passage only. In your answer you must address both of the guiding questions provided.
- The maximum mark for this examination paper is **[20 marks]**.

### Instructions destinées aux candidats

- N’ouvrez pas cette épreuve avant d’y être autorisé(e).
- Rédigez une analyse littéraire dirigée d’un seul des passages. Les deux questions d’orientation fournies doivent être traitées dans votre réponse.
- Le nombre maximum de points pour cette épreuve d’examen est de **[20 points]**.

### Instrucciones para los alumnos

- No abra esta prueba hasta que se lo autoricen.
- Escriba un análisis literario guiado sobre un solo pasaje. Debe abordar las dos preguntas de orientación en su respuesta.
- La puntuación máxima para esta prueba de examen es **[20 puntos]**.

2217 – 0699



© International Baccalaureate Organization 2017

International Baccalaureate®
Baccalauréat International
Bachillerato Internacional

https://xtremepape.rs/

Déan léirmheas liteartha ar cheann **amháin** de na sleachta seo thíos. Is gá aird a thabhairt ar an dá cheist a thugtar mar threoir duit.

**1.**

Bhí seacht mbliana slán agam nuair a cuireadh chun na scoile mé. Mé righin beag tanaí, bríste de ghlas na caorach orm ach gan aon ghreim eile d'éadach abhus ná thíos umam. A lá buachaillí nach mé ag gabháil an bóthar go teach na scoile an mhaidin sin, rian na gríosaí fós ar bhrístí a lán díobh. Cuid acu ag lapadánach ar an mbóthar gan aon siúl acu. A lán acu as Daingean Uí Chúise, cuid as Gaoth Dobhair; cuid eile acu aniar ar an snámh as Árainn. Sinn go léir go groí rábach ar an chéad lá scoile dúinn. Fód móna faoi acstar an uile dhuine againn. Sinn go groí rábach.

Aimeargean Ó Lúnasa a bhí mar ainm ar an máistir. É dubh lom ard; cuma ghéar shearbh ar a ghnúis, na cnámha inti ag preabadh tríd an gcraiceann buí; gan aon tsláinte aige; cuil feirge ar a éadan i gcónaí chomh seasmhach ann lena ghruaig; gan aon mheas ar aon duine aige.

Bhailíomar go léir isteach I detach na scoile, cró beag mímhaisiúil a raibh an fliuchras ag teacht anuas ar na ballaí agus gach ní bog tais ann. Shuíomar go léir ar bhinsí gan focal gan bíog asainn ar eagla an mháistir. Chaith sé a shúile nimhneacha ar foluain ar fud an tí gur thuirling siad orms agus gur fhan orm. Dar fia, níorbh aoibhinn liom a fhéachaint orm, an dá shúil sin do mo chriathrú. Tar éis tamaill dhírigh sé méar fhada bhuí orm, agus dúirt:

"*Phwat is yer nam*?"

Níor thuigeas an chaint seo ná aon chaint eile a chleachtaítear ar an gcoigríoch, gan agam ach an Ghaeilge amháin mar ghléas labhartha agus mar dhíon ar dheacrachtaí an tsaoil. Níor fhéadas ach stánadh air, mé balbh ón bhfaitíos. Chonaic mé ansin go raibh racht mór feirge ag teacht air agus ag méadú de réir a chéile go díreach mar a bheadh néal fearthainne ann. D'fhéachas thart go scaollmhar ar na buachaillí eile. Chuala mé cogar ar mo chúl:

"D'ainm atá uaidh."

Bhíog mo chroí le háthas ón bhfortacht seo agus bhíos buíoch don té a bhí do mo phromptáil. D'fhéachas go cneasta ar ar an máistir agus d'fhreagair é:

"Bónapárt Micheálangló Pheadair Eoghain Shorcha Thomáis Mháire Sheáin Shéamais Dhiarmada…"

Sula raibh m'ainm ráite agam ná leathráite, tháinig tafann confach ón máistir agus ghlaoigh sé aníos orm chuige lena mhéar. Nuair a tháinig mé a fhad leis bhí maide rámha faighte aige ina ghlaic. Bhí fearg tagtha anois ina rabharta air agus bhí greim chun gnó aige ar an maide lena dhá lámh. Tharraing sé thar a ghualainn é agus thug anuas orm go tréan le fuamán gaoithe, gur bhuail buille tubaisteach sa chloigeann orm. Thiteas i laige ón mbuille sin ach sular cailleadh na céadfaí ar fad orm chuala mé scread uaidh:

"*Yer nam*," ar seisean, "*is Jams O'Donnell*."

*Jams O Donnell?* Bhí an dá bhriathar seo ag gliogaireacht i mo cheann nuair a tháinig mothú arís ann. Fuaireas mé féin sínte ar leataobh ar an urlár, mo bhríste, mo ghruaig agus mo phearsa uile ar maos ó na slaoda fola a bhí déanta ag an maide ar mo chloigeann. An t-am a raibh radharc ceart arís sna súile agam, bhí buachaill eile ar a chosa agus a ainm á fhiafraí de. Is léir nach raibh aon chríonnacht sa duine seo agus nach raibh dea-chomhairle a leasa féin bainte aige as an ngríosáil bhuailte a fuair mise, mar d'fhreagair sé an máistir agus dúirt a ainm tuata díreach mar a bhí ráite agamsa. Tharraing an máistir an maide ina ghlaic athuair agus níor stop go raibh fuil an mhacaoimh seo go líonmhar á dhoirteadh aige, an buachaill féin agus gan aon mhothú anois ann ach a mhalairt go fíor, é sínte ina chuachán fola ar an urlár. Agus le linn an bhuailte scread an máistir arís:

"*Yer nam*," ar seisean, "*is Jams O'Donnell*."

https://xtremepape.rs/

Mar sin de go raibh gach créatúr sa scoil buailte aige agus Jams O'Donnell tabhartha aige ar gach duine acu. Ní raibh aon chloigeann óg sa dúiche gan scoilteadh an lá sin. Dar ndóigh, bhí go leor is gan siúl na gcos acu nuair a tháinig tráthnóna, iad á n-iompar chun an bhaile ag buachaillí eile a bhí gaolta leo. Ba thruamhéalach an scéal é ag an muintir a raibh orthu imeacht siar arís ar an snámh go hÁrainn, gan aon ghreim bia ná bolgam bainne ó mhaidin acu.

Myles na gCopaleen, *An Béal Bocht* (1941)

(a) Cad is féidir leat a rá faoin tslí a bhfuil an scéalaí curtha inár láthair sa sliocht thuas, agus conas a théann seo i bhfeidhm ar an tslí a bhfuil an scéal á insint?

(b) Déan plé ar an tslí a mbaineann an t-údar úsáid as an teanga agus as cleasanna litríochta chun príomhchúraim an phíosa thuas a léiriú?



https://xtremepape.rs/

**2.**

**Dubh**

Is lá dubh é seo.
Tá an spéir dubh.
Tá an fharraige dubh.
Tá na gairdíní dubh.

Tá na crainn dubh.
Tá na cnoic dubh.
Tá na busanna dubh.
Tá na carranna a thugann na páistí ar scoil ar maidin dubh.

Tá na siopaí dubh.
Tá a bhfuinneoga dubh.
Tá na sráideanna dubh (is ní le daoine é).
Tá na nuachtáin a dhíolann an cailín dubh go bhfuil an folt láidir dubh uirthi
dubh dubh dubh.

Tá an damh dubh.
Tá an gadhar dubh.
Tá capall úd Uíbh Ráthaigh dubh.
Tá gach corréan a scinneann amach as an ealta dubh.

An chaora dhubh a sheasann amach de ghnáth i lár an tréada,
ní heisceacht í níos mó mar tá na caoirgh ar fad dubh.

Tá na prátaí dubh.
Tá na turnapaí dubh.
Tá gach bileog cabáiste a chuirfeá síos i dtóin corcáin dubh.

Tá an sáspan dubh
Tá an ciotal dubh.
Tá gach tóin corcáin as seo go Poll Tí Liabáin dubh.

Tá na Caitlicigh dubh.
Tá na Protastúnaigh dubh.
Tá na Seirbigh is na Cróátaigh dubh.
Tá gach uile chine a shiúlann ar dhromchla na cruinne
an mhaidin dhubh seo samhraidh, dubh.

Tá na polaiteoirí ar sciobaidh
is iad ag baint na gcos is na n-eireaball dá chéile
ag iarraidh a chur ina luí orainn
nach fada go mbeidh gach dubh ina gheal.

https://xtremepape.rs/

Is an té a leomhfadh a mhisneach dó
nó a chreidfeadh an méid a deireann siad
níor mhiste dó b'fhéidir an cheist a chur
ab ann ab amhlaidh a chiallaíonn sé seo anois
nach mbeidh ins gach dubhthréimhse ach seal?

Ach ní dhéanfadsa.
Mar táimse dubh.
Tá mo chroí dubh
is m'intinn dubh.
Tá mo radharc ar feadh raon mo radhairce dubh.
Tá an dubh istigh is amuigh agam díbh.

Mar gach píosa guail nó sméar nó airne,
gach deamhan nó diabhal nó daradaol,
gach cleite fiaigh mhara nó íochtar bhonn bróige,
gach uaimh nó cabha nó poll tóine,
gach duibheagán doimhin a shlogann ár ndóchas,
táim dubh dubh dubh.

Mar tá Srebenice*, cathair an airgid,
'Argentaria' na Laidine,
bán.

Nuala Ní Dhomhnaill, *Feis* (1991)

---

* Srebenice: Tá an dán seo bunaithe ar dhúnmharú timpeall is 8,000 fear is buachaill óg i mbaile Srebenice/Srebenica i mí Iúl 1995 le linn an chogaidh ansin nuair a bhí an Iúgslaiv á bhriseadh suas.

(a) Déan trácht ar na slite ina mbaineann an dán úsáid as cleasanna liteartha chun na téamaí is tábhachtaí ann a léiriú.

(b) Cad is féidir leat a rá mar gheall ar na slite a gcuireann persona an fhile a chuid mothúchán in iúl maidir le príobhthéama an dáin.

https://xtremepape.rs/